RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1538 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Iúil 2023

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(6), Airteagal 5(10), Airteagal 7(2) agus Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2379 bunaítear creat comhtháite chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a chur ar fáil agus a scaipeadh a mhéid a bhaineann le hionchuir agus aschuir talmhaíochta.

(2) Is gá sonrú a dhéanamh ar na ceanglais sonraí a bhaineann le staidreamh a chur ar fáil maidir le hionchuir agus aschuir talmhaíochta a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr chun sonraí inchomparáide idir na Ballstáit a sholáthar agus chun comhchuibhiú a bhaint amach.

(3) De bhun Airteagal 5(10) de Rialachán (AE) 2022/2379, sonraítear sa Rialachán seo gnéithe teicniúla na sonraí atá le soláthar. Is éard atá sna gnéithe sin liosta de na hathróga, tuairiscí ar na hathróga, na haonaid bhreathnóireachta, na ceanglais bheachtais atá le cur i bhfeidhm, na rialacha modheolaíochta atá le cur i bhfeidhm, agus na sprioc-amanna le haghaidh tharchur na sonraí.

(4) Is gá sonrú a dhéanamh ar na hathróga a bhfuil na gnéithe réigiúnacha agus orgánacha ag teastáil ina leith toisc nach bhfuil siad riachtanach ach i gcás roinnt athróg.

(5) Ní mór cumhdach na dtacar sonraí a shonrú de bhreis ar na ceanglais in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2022/2379 i gcás inarb iomchuí, chun neamhréireachtaí idir na Ballstáit a sheachaint.

(6) Ba cheart breis sonraithe a dhéanamh ar na tréimhsí tagartha a luaitear in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2022/2379.

(7) Táscairí tábhachtacha i dtáirgeadh talmhaíochta is ea achartháirgeacht na mbarr agus ba cheart, dá bhrí sin, an achartháirgeacht sin a bheith ina gcuid de na sonraí. Mar sin féin, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) an táscaire sin a ríomh ar bhonn na sonraí arna dtarchur.

(8) Bíonn éagsúlacht mhór idir cion bogthaise barr táirgthe agus cion siúcra biatas siúcra ó bhliain go bliain, rud a chruthaíonn bacainní ó thaobh comparáid a dhéanamh idir méideanna táirgeachta thar tréimhse agus ó thír go tír. Dá bhrí sin, tá gá le faisnéis maidir le cion caighdeánach náisiúnta bogthaise agus cion caighdeánach náisiúnta siúcra chun staidreamh inchomparáide a chruthú.

(9) De bhun Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2022/2379, is féidir na Ballstáit a dhíolmhú ó shonraí a sholáthar le haghaidh athróga réamhshainithe ag sprioc-amanna áirithe más rud é gur tionchar teoranta is ea tionchar a dtáirgeachta ar iomlán na n-athróg sin san Aontas. Is amhlaidh atá má tá a dtáirgeacht faoi bhun tairseacha sonracha. Is gá sonrú a dhéanamh ar na tairseacha sin, ar an modheolaíocht a úsáideadh chun iad a bhunú, ar na foinsí sonraí a úsáideadh agus an mhodheolaíocht sin á cur i bhfeidhm, agus ar na sonraí a bhfuil feidhm ag an díolúine sin maidir leo.

([1]) IO L 315, 7.12.2022, lch. 1.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach mar a bunaíodh le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceanglais sonraí

Soláthróidh na Ballstáit sonraí i réimse an staidrimh ar tháirgeadh barr dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2022/2379 i bhfoirm tacair sonraí comhiomlánaithe. Déanfar na sonraí maidir le táirgeacht iomlán agus táirgeadh orgánach a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) ar an leibhéal geografach is gá.

Airteagal 2

Tacair sonraí

(1) Sonraítear inneachar sonraí na dtacar sonraí iontu seo a leanas:

(1) Iarscríbhinn I i gcás topaic (i), limistéar barr agus táirgeadh, i gcás na dtopaicí mionsonraithe

(1) Barra curaíochta agus féarthailte buana,

(2) Gairneoireacht seachas barra buana,

(3) Barra buana;

(2) Iarscríbhinn II i gcás topaic (ii), comharduithe barr, le haghaidh na dtopaicí mionsonraithe

(1) Comharduithe gránbharr,

(2) Comharduithe olashíolta;

(3) Iarscríbhinn III i gcás topaic (iii), féarthailte, le haghaidh na topaice mionsonraithe

(1) Bainistiú féarthailte.

(2) I gcás gach tacair sonraí, sonraítear an méid seo a leanas i roinn I:

(1) tuairisc ar an inneachar sonraí;

(2) na hathróga atá le soláthar ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inar gá, ar an leibhéal réigiúnach;

(3) na hathróga atá le soláthar maidir le táirgeadh orgánach:

(4) na sprioc-amanna le haghaidh tharchur na sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat);

(5) na tréimhsí tagartha.

(3) Maidir le gach tacar sonraí, sonraítear i roinn II, i gcás inarb iomchuí:

(1) tuairisc ar na haonaid tomhais;

(2) ceanglais theicniúla a bhaineann leis na hathróga;

(3) tairseacha le haghaidh díolúintí ó sprioc-amanna le haghaidh tharchur na sonraí.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

Airteagal 3

Ceanglais bheachtais

I gcás ina ndéanfar sonraí a bhailiú ar bhonn samplaí staidrimh, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na torthaí ualaithe ionadaíoch maidir leis an daonra staidrimh laistigh den aonad geografach ábhartha agus go gceapfar iad chun na ceanglais bheachtais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh. I gcás nach bhfuil ceanglais bheachtais infheidhme, mar shampla mar gheall ar fhoinsí seachas suirbhéanna staidrimh, áiritheofar cáilíocht an staidrimh ionas go mbeidh siad ionadaíoch maidir leis an raon feidhme a dtugann siad tuairisc air, agus comhlíonfaidh siad na critéir cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

Airteagal 4

Tuairiscí

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na tuairiscí ar théarmaí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

Airteagal 5

Modheolaíocht le haghaidh díolúintí

(1) Féadfar na Ballstáit a dhíolmhú ó sprioc-amanna rialta áirithe le haghaidh sonraí a tharchur más rud é gur tionchar teoranta is ea tionchar an Bhallstáit sin ar iomlán na n-athróg sin san Aontas.

(2) Deonófar díolúintí tarchuir sonraí le haghaidh athróga i dtacair sonraí den topaic 'limistéar barr agus táirgeadh barr' ar choinníoll nach ndéanfaidh a gcur i bhfeidhm an fhaisnéis faoi iomlán ionchasach an Aontais den athróg chomhfhreagrach a laghdú níos mó ná 5 %. Ríomhfaidh an Coimisiún (Eurostat) luachanna tairsí tagartha i gcás tháirgeadh gach bairr atá faoi réir díolúintí. Déanfar na luachanna tairsí tagartha sin a ríomh ar bhonn meán 3 bliana de shonraí staidrimh maidir le méideanna táirgeachta.

(3) Maidir le Ballstát ina raibh táirgeadh bairr níos ísle ná an luach tairsí tagartha, nó cothrom leis, ar feadh 3 bliana as a chéile, díolmhófar é ó shonraí a tharchur le haghaidh na n-athróg (na bhfo-athróg) uile a bhaineann leis an mbarr sin le haghaidh spriocdhátaí áirithe, mar a léirítear i ngach roinn II de na tacair sonraí in Iarscríbhinn I. Cúlghairfear an díolúine go huathoibríoch má sháraíonn luach ábhartha táirgeachta an Bhallstáit an luach tairsí tagartha gach bliain de 3 bliana as a chéile. Tosóidh an tarchur sonraí don bhliain tagartha tar éis an tríú bliain as a chéile ina sárófar an luach tairsí tagartha. Déanfar an díolúine a athbhunú go huathoibríoch má bhíonn táirgeadh an bhairr ábhartha ag an mBallstát faoi bhun na tairsí tagartha, nó cothrom léi, gach bliain de 3 bliana as a chéile.

(4) Leagtar síos na luachanna tairsí tagartha i ngach roinn II d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh an Coimisiún aon cheann de na luachanna sin a leasú má fhanann meániomlán an Aontais níos lú ná 90 % nó níos mó ná 110 % d'iomlán an Aontais a úsáidtear chun na luachanna tairsí tagartha a ríomh ar feadh 3 bliana as a chéile.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Limistéar barr agus táirgeadh barr

TACAR SONRAÍ i.1

Barra curaíochta agus féarthailte buana

Réimse:	b.	Staidreamh ar tháirgeadh barr
Topaic:	i.	Limistéar barr agus táirgeadh barr
Topaic mhionsonraithe:	i.1	Barra curaíochta agus féarthailte buana

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí luathmheastacháin agus staidreamh deiridh ar limistéir, ar tháirgeadh agus ar tháirgeacht na mbarr curaíochta talmhaíochta agus na bhféarthailte buana, a fhástar lena mbuaint go príomha sa tréimhse tagartha, ar ghabháltais talmhaíochta sna Ballstáit, lena n-áirítear na barra a fhástar de réir prionsabail orgánacha.

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta							Sonraí ar an leibhéal réigiúnach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		31 Eanáir bliain N ([1])	30 Meitheamh bliain N ([1])	31 Lúnasa bliain N ([1])	30 Meán Fómhair bliain N	30 Samhain bliain N	31 Márta bliain N + 1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1
Limistéar talmhaíochta a úsáidtear seachas gairdíní cistine ([2])								MA	MA	OMU, OMC, OMA
Talamh arúil ([3])								MA	MA	OMU, OMC, OMA
Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (síol san áireamh)								MA, SA, PR	SA, PR	
Cruithneacht agus speilt			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		
Cruithneacht bhog agus speilt			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Cruithneacht bhog gheimhridh agus speilt		SA	SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		
Cruithneacht bhog earraigh agus speilt			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		
Cruithneacht chrua		SA	SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta							Sonraí ar an leibhéal réigiúnach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		31 Eanáir bliain N (1)	30 Meitheamh bliain N (1)	31 Lúnasa bliain N (1)	30 Meán Fómhair bliain N	30 Samhain bliain N	31 Márta bliain N + 1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1
Seagal		SA	SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Eorna			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Eorna gheimhridh		SA	SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		
Eorna earraigh			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		
Coirce			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Arbhar Indiach gráin agus meascán arbhair déise			SA		SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Triteacál		SA	SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Sorgam			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Rís			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Rís Indica								SA, PR		
Rís Japonica								SA, PR		
Meascáin de ghránaigh gheimhridh (maislín)								SA, PR		
Meascáin de ghránaigh earraigh (grán measctha seachas maislin)								SA, PR		OF, OP
Gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (muiléad, síolta éan, etc.)								SA, PR		
Bréag-ghránaigh								SA, PR		
Ruán								SA, PR		
Cuineo								SA, PR		
Bréag-ghránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile								SA, PR		
Piseánaigh thirime agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin (síol agus meascáin de ghránaigh agus de phiseánaigh san áireamh)								MA, SA, PR	SA, PR	

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta							Sonraí ar an leibhéal réigiú-nach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		31 Eanáir bliain N (1)	30 Meitheamh bliain N (1)	31 Lúnasa bliain N (1)	30 Meán Fómhair bliain N	30 Samhain bliain N	31 Márta bliain N + 1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1
Piseanna machaire			SA		SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Pónairí leathana agus pónairí machaire			SA		SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Lúipíní milse					SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Lintilí					SA	SA	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Peasairí					SA	SA	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Sicphiseánaigh					SA	SA	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Piseánaigh thirime agus barra próitéine eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile								SA, PR		
Barra fréimhe								MA, SA, PR		
Prátaí (prátaí síl san áireamh)			SA		SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		OF, OP
Biatas siúcra (seachas síol)			SA		SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Barra fréimhe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile								SA, PR		
Barra tionsclaíocha								MA, SA		
Olashíolta								SA, PR		
Síol ráibe agus síol tornapa ráibe			SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Síolta ráibe geimhridh agus síolta tornapa ráibe	SA	SA	SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		
Síolta ráibe earraigh agus síolta tornapa ráibe		SA	SA	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		
Síol lus na gréine			SA			SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Soighe			SA			SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Ros lín (líon ola)								SA, PR		

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta							Sonraí ar an leibhéal réigiú-nach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		31 Eanáir bliain N (1)	30 Meitheamh bliain N (1)	31 Lúnasa bliain N (1)	30 Meán Fómhair bliain N	30 Samhain bliain N	31 Márta bliain N + 1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1
Síolta cadáis								PR		
Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile								SA, PR		
Barra snáithín								SA, PR		
Snáithín lín					SA	SA	SA, PR	SA, PR		
Cnáib					SA	SA	SA, PR	SA, PR		
Snáithín cadáis								SA, PR		
Barra snáithín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile								SA, PR		
Tobac								SA, PR		
Leannlusanna								SA, PR		
Plandaí aramatacha, plandaí míochaine agus plandaí cócaireachta								SA		OF
Barra fuinnimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile								MA, PR		
Barra tionsclaíocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile								SA		
Plandaí arna mbuain glas de thalamh arúil								MA, PR	MA	
Féara sealadacha agus féaraigh shealadacha								MA, PR	MA	OMA
Plandaí léagúmacha arna mbuain glas								SA, PR		OF, OP
Meidic na mbó					SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR		
Meascáin féar léagúmach								SA, PR		
Plandaí léagúmacha eile arna mbuain glas agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile								SA, PR		
Arbhar Indiach glas			SA		SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	SA, PR	OF, OP
Gránaigh eile arna mbuain glas (seachas arbhar Indiach glas)								SA, PR		

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta							Sonraí ar an leibhéal réigiú-nach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		31 Eanáir bliain N (1)	30 Meitheamh bliain N (1)	31 Lúnasa bliain N (1)	30 Meán Fómhair bliain N	30 Samhain bliain N	31 Márta bliain N + 1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1
Plandaí eile arna mbuain glas de thalamh arúil agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile								SA, PR		
Síolta agus síolphlandaí								MA		OMA
Talamh branair								MA	MA	
Barra eile talún arúla nach n-aicmítear in áit ar bith eile								MA		
Féarthalamh buan								MA, PR	MA	OMU, OMC, OMA
Féaraigh bhuana agus móinéir bhuana, seachas féaraigh gharbha								MA, PR		
Féaraigh gharbha bhuana								MA, PR		
Féarthailte buana nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh táirgthe agus atá incháilithe d'íocaíocht fóirdheontas								MA		

(1) Féach roinn II mar a bhfuil na rialacha maidir le díolúine ó tharchur sonraí
(2) Cuirtear na limistéir i dtacar sonraí i.2 agus i.3 san áireamh sa limistéar talmhaíochta a úsáidtear, seachas limistéar na mbeacán saothraithe i dtacar sonraí i.2
(3) Cuirtear na limistéir i dtacar sonraí i.2 san áireamh i limistéar na talún arúla

Is é N an bhliain dá dtagraíonn na sonraí

MA = príomhlimistéar iomlán (1 000 ha), limistéir orgánacha san áireamh

SA = limistéar curtha iomlán (1 000 ha), limistéir orgánacha san áireamh

OF = limistéar curtha orgánach deimhnithe (1 000 ha)

OMC = príomhlimistéar orgánach deimhnithe

OMU = an príomhlimistéar atá á thiontú go limistéar orgánach (1 000 ha)

OMA = príomhlimistéar atá deimhnithe nó atá á thiontú go limistéar orgánach (1 000 ha)

PR = táirgeacht buainte iomlán (1 000 tona), táirgeadh orgánach san áireamh

OP = táirgeacht buainte orgánach deimhnithe (1 000 tona)

Tréimhse thagartha: Bliain an fhómhair

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais:

An limistéar curtha: tagraíonn sé sin don limistéar iomlán a cuireadh nó a plandaíodh le barr a dtosaíonn a fhómhar le linn na bliana féilire tagartha, gan beann ar an uair a rinneadh an phlandáil. I gcás ina gcuirtear nó ina bplandáiltear an barr níos mó ná uair amháin i rith na bliana ar an dáileacht chéanna, déanfar an limistéar a iolrú faoi líon na bplanduithe.

Príomhlimistéar: tagraíonn sé do limistéar fisiciúil na dáileachta/na ndáileachtaí, is cuma cé acu barr aonair amháin nó roinnt barra éagsúla a bhí ann le linn na bliana Fómhair. i gcás barra bliantúla, comhfhreagraíonn an príomhlimistéar don limistéar curtha; i gcás barra comhchuraíochta, comhfhreagraíonn sé don limistéar ina bhfuil na barra curtha le chéile; i gcás síolchur nó barra i ndiaidh a chéile, ní chuirfear an limistéar san áireamh ach aon uair amháin; i gcás barra buana, sa bhreis ar an limistéar táirgthe, déantar plandálacha óga neamhtháirgiúla agus limistéir atá tréigthe go sealadach a chur san áireamh. Ar an gcaoi sin, ní liostaítear gach limistéar ach aon uair amháin.

Táirgeadh buainte: tagraíonn sé don táirgeacht buainte iomlán as ar baineadh caillteanais bhuainte.

Déanfar an táirgeadh i gcás gránach, piseánaigh thirime agus olashíolta a thuairisciú i dtéarmaí meáchan tirim glan na ngrán ar an leibhéal cobhsaí bogthaise margaidh caighdeánaí sa tír. Tuairiscítear rís i dtéarmaí gort ríse.

Ba cheart sonraí táirgthe barra fréimhe a thuairisciú i dtéarmaí meáchain ghlain, i.e. saor ó bharra agus duilleoga plandaí, ithir agus láib.

Cuirtear an méid buana a dhéantar trí ghearradh agus trí innilt san áireamh i dtáirgeadh plandaí arna mbuain glas de thalamh arúil agus ó fhéarthailte buana. Tuairisceofar na sonraí i dtéarmaí ábhair thirim.

Déanfar táirgeadh barr eile a thuairisciú ar an leibhéal cobhsaí bogthaise margaidh caighdeánaí sa tír i gcás ina mbíonn tionchar ag bogthaise ar an margú, san fhoirm a úsáidtear go príomha le haghaidh trádála.

Cuirfidh na tíortha faisnéis ar fáil don Choimisiún (Eurostat) maidir leis na eibhéal cobhsaí bogthaise margaidh caighdeánaí sna tíortha a luaitear thuas, faisnéis ar a mbonn a dhéanfaidh Eurostat an táirgeadh a athríomh de réir an chaighdeáin AE maidir le bogthaise chun críoch caighdeánaithe.

I gcás biatas siúcra, cuirfidh tíortha sonraí ar fáil don Choimisiún (Eurostat) maidir le cion siúcra tháirgeadh buainte na bliana Fómhair agus cuirfidh siad na sonraí deiridh maidir le táirgeadh ar fáil don Choimisiún (Eurostat), sonraí ar a mbonn a dhéanfaidh Eurostat i gcion siúcra caighdeánach AE (16 %) a athríomh chun críoch caighdeánaithe.

Limistéar orgánach deimhnithe: tagraíonn sé sin do limistéir, cé is moite de limistéir atá sa tréimhse thiontaithe dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), a bhainistítear i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le táirgeadh orgánach, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/848 nó, i gcás inarb infheidhme, sa reachtaíocht is déanaí

Limistéar atá á thiontú go limistéar orgánach: tagraíonn sé sin do limistéir atá sa tréimhse thiontaithe dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/848 nó, i gcás inarb infheidhme, sa reachtaíocht is déanaí, a bhainistítear i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le táirgeadh orgánach.

Limistéar orgánach deimhnithe nó limistéar atá á thiontú go limistéar orgánach: tagraíonn sé do limistéir atá ina limistéir orgánacha dheimhnithe nó ina limistéir atá á dtiontú go limistéir orgánacha.

Táirgeadh buainte orgánach deimhnithe: tagraíonn sé sin don táirgeadh buainte ó 'limistéir orgánacha dheimhnithe' mar a shainmhínítear thuas.

Áirítear limistéir orgánacha agus táirgeadh orgánach sna limistéir iomlána agus sa táirgeadh.

Ceanglais theicniúla a bhaineann leis na hathróga

Déantar achartháirgeacht barr a ríomh tríd an táirgeacht buainte iomlán a roinnt ar an limistéar curtha iomlán. Déanfaidh Eurostat achartháirgeacht barr a ríomh ar bhonn na sonraí a tharchuirfear. Déanfar teagmhais a bhaineann leis an aimsir a mbíonn mórthionchar acu ar an táirgeadh buainte a thuairisciú don Choimisiún (Eurostat).

([1]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

Luachanna tairsí tagartha maidir le díolúine tarchuir sonraí

Is iad seo a leanas na luachanna tairsí tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2):

Athróg thagartha: An rud a tháirgtear	Luach tairsí tagartha (1 000 tona)	Díolúine tarchuir
Cruithneacht bhog agus speilt	1 700	31 Eanáir bliain N 30 Meitheamh bliain N 31 Lúnasa bliain N
Cruithneacht chrua	170	
Seagal	80	
Eorna	500	
Coirce	70	
Arbhar Indiach gráin agus meascán arbhair déise	1 100	
Triteacál	120	
Sorgam	15	
Rís	65	
Piseanna machaire	25	
Pónairí leathana agus pónairí machaire	15	
Prátaí	350	
Biatas siúcra	1 500	
Síol ráibe agus síol tornapa ráibe	300	
Síol lus na gréine	150	
Soighe	60	
Arbhar Indiach glas	2 000	

TACAR SONRAÍ i.2

Gairneoireacht seachas barra buana

Réimse:	b.	Staidreamh ar tháirgeadh barr
Topaic:	i.	Limistéar barr agus táirgeadh barr
Topaic mhionsonraithe:	i.2	Gairneoireacht seachas barra buana

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí luathmheastacháin agus staidreamh deiridh ar limistéir, ar tháirgeadh agus ar tháirgeacht na mbarr gairneoireachta, a fhástar lena mbuain sa tréimhse thagartha ar ghabháltais talmhaíochta sna Ballstáit, lena n-áirítear na barra a fhástar de réir prionsabail orgánacha.

						Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta				Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
Saintréithe barr							30 Meitheamh bliain N [1]	30 Meán Fómhair bliain N [1]	31 Bealtaine bliain N+ 1	30 Meán Fómhair bliain **N+1**	30 Meán Fómhair bliain **N+1**
		Glasraí úra (mealbhacáin san áireamh) agus sútha talún							HA, PR	MA	OH, OP
			Glasraí úra (mealbhacáin san áireamh)						HA, PR		OH, OP
				Brasacaigh					HA, PR		OH, OP
					Cóilis agus brocailí				HA, PR		
					Bachlóga Bruiséile				HA, PR		
					Cabáistí				HA, PR		
					Brasacaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile				HA, PR		
				Glasraí duilleacha agus glasraí gasacha (seachas brasacaigh)					HA, PR		OH, OP
					Cainneanna				HA, PR		
					Soilire				HA, PR		
					Leitísí				HA, PR, PRG		
					Eindíbhí				HA, PR		
					Spionáiste				HA, PR		
					Lus súgach				HA, PR		
					Siocairí				HA, PR		
					Bliosáin				HA, PR		
					Glasraí duilleacha nó gasacha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile				HA, PR		
				Glasraí a shaothraítear le haghaidh torthaí (mealbhacáin san áireamh)					HA, PR		OH, OP
					Trátaí		HA	HA, PR	HA, PR, PRG		OH, OP
					Cúcamair agus gircíní				HA, PR, PRG		
					Ubhthorthaí				HA, PR		
					Cúirséid agus mearóga				HA, PR		
					Guird agus puimcíní				HA, PR		

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta				Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		30 Meitheamh bliain N [1]	30 Meán Fómhair bliain N [1]	31 Bealtaine bliain N+ 1	30 Meán Fómhair bliain **N+1**	30 Meán Fómhair bliain **N+1**
	Mealbhacáin			HA, PR		
	Mealbhacáin uisce			HA, PR		
	Piobair			HA, PR, PRG		
	Glasraí eile a shaothraítear le haghaidh torthaí agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile			HA, PR		
	Glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibín			HA, PR		OH, OP
	Meacain dhearga			HA, PR		OH, OP
	Oinniúin agus seallóidí			HA, PR		OH, OP
	Biatas			HA, PR		
	Soiliriac			HA, PR		
	Raidisí			HA, PR		
	Gairleog			HA, PR		
	Glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			HA, PR		
	Piseánaigh úra			HA, PR		OH, OP
	Piseanna úra			HA, PR		
	Pónairí úra			HA, PR		
	Piseánaigh úra eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			HA, PR		
	Glasraí úra eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			HA, PR		
	Sútha talún			HA, PR, PRG		OH, OP
	Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna)				MA	
Beacáin shaothraithe				PR		OP
	Beacáin coiteann			PR		
	Beacáin shaothraithe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			PR		

[1] Féach roinn II le haghaidh na rialacha maidir le díolúine tarchuir sonraí

Is é N an bhliain dá dtagraíonn na sonraí

MA = príomhlimistéar iomlán (1 000 ha)

HA = limistéar buainte iomlán (1 000 ha)

OH = limistéar orgánach buainte deimhnithe (1 000 ha)

PR = táirgeadh buainte iomlán (1 000 tona)

PRG = táirgeadh iomlán faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana (1 000 tona)

OP = táirgeacht buainte orgánach deimhnithe (1 000 tona)

Tréimhse thagartha: Bliain an fhómhair

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais:

Limistéar a buanadh: tagraíonn sé sin don limistéar de bharr ar leith arna bhuain le linn na bliana Fómhair tagartha. Má chuirtear nó má phlandáiltear an limistéar céanna roinnt uaireanta le linn na tréimhse tagartha, déanfar an limistéar a iolrú faoi líon uaireanta sa bhliain a buanadh an limistéar

Príomhlimistéar: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Táirgeadh buainte: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Limistéar orgánach deimhnithe: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Táirgeadh buainte orgánach deimhnithe: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Ceanglais theicniúla a bhaineann leis na hathróga

Déantar achartháirgeacht barr a ríomh tríd an táirgeacht iomlán buainte a roinnt ar an limistéar iomlán buainte. Déanfaidh Eurostat achartháirgeacht barr a ríomh ar bhonn na sonraí a tharchuirfear. Déanfar teagmhais a bhaineann leis an aimsir a mbíonn mórthionchar acu ar an táirgeadh buainte a thuairisciú don Choimisiún (Eurostat).

Luachanna tairsí tagartha maidir le díolúine tarchuir sonraí

Is iad seo a leanas na luachanna tairsí tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2):

Athróg thagartha	Luach tairsí tagartha (1 000 tona)	Díolúine tarchuir
Táirgeacht trátaí	250	30 Meitheamh bliain N 30 Meán Fómhair bliain N

TACAR SONRAÍ i.3

Barra buana

Réimse:	b.	Staidreamh ar tháirgeadh barr
Topaic:	i.	Limistéar barr agus táirgeadh barr
Topaic mhionsonraithe:	i.3	Barra buana

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí luathmheastacháin agus staidreamh deiridh ar limistéir, ar tháirgeacht agus ar achartháirgeacht na mbarr talmhaíochta buan, a fhástar lena mbuain go príomha sa tréimhse tagartha ar ghabháltais talmhaíochta sna Ballstáit, lena n-áirítear na barra a fhástar de réir prionsabail orgánacha.

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta			Sonraí ar an leibhéal réigiúnach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		30 Samhain bliain N (1)	31 Márta bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1
Barra buana				MA	MA	OMC, OMU, OMA
Barra buana lena gcaitheamh ag an duine			PA, PR	MA, PA, PR		
Torthaí, caora agus cnónna (seachas torthaí citris, fíonchaora agus sútha talún)			PA, PR	MA	MA	OPA, OP
Torthaí ó chriosanna aeráide measartha			PA, PR			OPA
Torthaí póma			PA, PR			OPA
Úlla		PA, PR	PA, PR			OPA, OP
Piorraí		PA, PR	PA, PR			OPA, OP
Torthaí póma eile nach n-aicmítear in aon áit eile			PA, PR			
Clochthorthaí			PA, PR			OPA
Péitseoga		PA, PR	PA, PR			OPA, OP
Neachtairíní		PA, PR	PA, PR			OPA, OP
Aibreoga			PA, PR			OPA, OP
Silíní			PA, PR			OPA, OP
Silíní milse			PA, PR			
Silíní searbha			PA, PR			
Plumaí			PA, PR			OPA, OP
Clochthorthaí eile nach n-aicmítear in aon áit eile			PA, PR			
Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha			PA, PR			OPA

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta			Sonraí ar an leibhéal réigiúnach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		30 Samhain bliain N (1)	31 Márta bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1
Figí			PA, PR			
Cíobhaíonna			PA, PR			OPA, OP
Abhacáid			PA, PR			
Bananaí			PA, PR			
Torthaí eile ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus ó chriosanna aeráide trópaiceacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile			PA, PR			
Caora (seachas sútha talún)			PA, PR			OPA, OP
Cuiríní dubha			PA, PR			
Cuiríní dearga			PA, PR			
Sútha craobh			PA, PR			
Fraocháin			PA, PR			
Caora eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			PA, PR			
Cnónna			PA, PR			OPA, OP
Gallchnónna			PA, PR			
Collchnónna			PA, PR			
Almóinní			PA, PR			
Castáin			PA, PR			
Cnónna eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			PA, PR			
Torthaí citris			PA, PR	MA, PA, PR	MA	OPA, OP

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta			Sonraí ar an leibhéal réigiú-nach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		30 Samhain bliain N (1)	31 Márta bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1	30 Meán Fómhair bliain N+1
Oráistí		PA, PR	PA, PR	PA, PR		OPA, OP
Torthaí beaga citris			PA, PR	PA, PR		
Satsúmaí		PA, PR	PA, PR	PA, PR		
Cleimintíní		PA, PR	PA, PR	PA, PR		
Torthaí beaga citris eile agus hibridí mandairín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			PA, PR	PA, PR		
Líomóidí agus líomaí aigéadacha			PA, PR	PA, PR		
Pomalónna agus seadóga			PA, PR	PA, PR		
Torthaí citris eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			PA, PR	PA, PR		
Fíonchaora			PA, PR	MA, PA, PR	MA	OPA, OP
Fíonchaora le haghaidh fíonta			PA, PR	PA, PR		OPA, OP
Fíonchaora le haghaidh fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) acu			PA, PR	PA, PR		
Fíonchaora le haghaidh fíonta a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC) acu			PA, PR	PA, PR		
Fíonchaora le haghaidh fíonta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (nach bhfuil STFC/TGFC acu)			PA, PR	PA, PR		
Fíonchaora boird			PA, PR	PA, PR		
Fíonchaora le haghaidh físíní			PA, PR	PA, PR		
Fíonchaora chun críoch eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			PA, PR	PA, PR		
Ológa		PA, PR	PA, PR	MA, PA, PR	MA	OPA, OP

Saintréithe barr	Sprioc-amanna tarchuir sonraí	Sonraí ar an leibhéal náisiúnta			Sonraí ar an leibhéal réigiú-nach	Sonraí maidir le táirgeadh orgánach
		30 Samhain bliain N (1)	31 Márta bliain **N+1**	30 Meán Fómhair bliain **N+1**	30 Meán Fómhair bliain **N+1**	30 Meán Fómhair bliain **N+1**
Ológa boird		PA	PA, PR	PA, PR		
Ológa le haghaidh ola		PA	PA, PR	PA, PR		
Barra buana eile lena gcaitheamh ag an duine nach n-aicmítear in áit ar bith eile			PA, PR	MA		
Plandlanna				MA		
Barra buana eile				MA		

(1) Féach roinn II le haghaidh na rialacha maidir le díolúine tarchuir sonraí

Is é N an bhliain dá dtagraíonn na sonraí

MA = príomhlimistéar iomlán (1 000 ha)

PA = limistéar táirgthe iomlán (1 000 ha)

OPA = limistéar táirgthe orgánach deimhnithe (1 000 ha)

OMC = príomhlimistéar orgánach deimhnithe

OMU = an príomhlimistéar atá á thiontú go limistéar orgánach (1 000 ha)

OMA = príomhlimistéar atá deimhnithe nó atá á thiontú go limistéar orgánach (1 000 ha)

PR = táirgeadh buainte iomlán (1 000 tona)

OP = táirgeacht buainte orgánach deimhnithe (1 000 tona)

Tréimhse thagartha: Bliain an fhómhair

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Limistéar táirgthe: tagraíonn sé sin don limistéar is féidir a bhuain go príomha le linn na bliana Fómhair tagartha.

Príomhlimistéar: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Táirgeadh buainte: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Limistéar orgánach deimhnithe: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Príomhlimistéar deimhnithe nó limistéar atá á thiontú go limistéar orgánach: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Táirgeadh buainte orgánach deimhnithe: Féach tacar sonraí i.1, roinn II

Ceanglais theicniúla a bhaineann leis na hathróga

Déantar achartháirgeacht barr a ríomh tríd an táirgeacht bhuana iomlán a roinnt ar an limistéar táirgthe iomlán. Déanfaidh Eurostat achartháirgeacht barr a ríomh ar bhonn na sonraí a tharchuirfear. Déanfar teagmhais a bhaineann leis an aimsir a mbíonn mórthionchar acu ar an táirgeadh buainte a thuairisciú don Choimisiún (Eurostat).

Luachanna tairsí tagartha maidir le díolúine tarchuir sonraí

Is iad seo a leanas na luachanna tairsí tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2):

Athróg thagartha: An rud a tháirgtear	Luach tairsí tagartha (1 000 tona)	Díolúine tarchuir
Úlla	150	30 Samhain bliain N
Piorraí	40	
Péitseoga	90	
Neachtairíní	80	
Oráistí	300	
Cleimintíní	140	
Satsúmaí	120	
Ológa	700	

IARSCRÍBHINN II

COMHARDUITHE BARR

TACAR SONRAÍ ii.1

Comharduithe gránach

Réimse:	b.	Staidreamh ar tháirgeadh barr
Topaic:	ii.	Comharduithe barr
Topaic mhionsonraithe:	ii.1	Comharduithe gránach

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí soláthairtí, úsáidí agus stoic na bpríomh-ghránach agus na dtáirgí céadleibhéil a bheidh mar thoradh orthu sna Ballstáit le linn na tréimhse tagartha.

Saintréithe barr	Cruithneacht bhog agus speilt	Cruithneacht chrua	Seagal	Eorna	Coirce	Triteacál	Arbhar Indiach gráin agus meascán arbhair déise
An spriocdháta le haghaidh sonraí a tharchur	Deireadh na bliana margaíochta + 11 mhí						
Saintréithe comharduithe							
Soláthar	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Táirgeacht buainte	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Caillteanais agus diomailt ar ghabháltais talmhaíochta	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Allmhairí	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Allmhairí laistigh den Aontas	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Allmhairí lasmuigh den Aontas	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Stoc tosaigh ag tús na bliana margaíochta	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Úsáid	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Úsáidí baile	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Úsáidí baile – caitheamh ag an duine	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Úsáidí baile – úsáid thionsclaíoch	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
Úsáidí baile – úsáid bitheatánóil thionsclaíoch, bithbhreosla nó bithgháis eile	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q

Saintréithe barr			Cruithneacht bhog agus speilt	Cruithneacht chrua	Seagal	Eorna	Coirce	Triteacál	Arbhar Indiach gráin agus meascán arbhair déise
An spriocdháta le haghaidh sonraí a tharchur			Deireadh na bliana margaíochta + 11 mhí						
Saintréithe comharduithe									
		Úsáidí baile – úsáidtear ina bhfoirm iomlán le haghaidh beatha ainmhithe	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
		Úsáidí baile– síolta	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
		Úsáidí baile - caillteanais	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
	Onnmhairí		Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
		Onnmhairí laistigh den Aontas	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
		Onnmhairí lasmuigh den Aontas	Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q
	Stoic deiridh ag deireadh na bliana margaíochta		Q	Q	Q	Q	Q	Q	Q

Q = Cainníocht (1 000 tona) ar an leibhéal náisiúnta

Tréimhse thagartha: Bliain mhargaíochta N (1 Iúil bliain N – 30 Meitheamh bliain N+ 1)

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Tagraíonn **cainníocht** do chainníocht an bhairr, nó a choibhéis arna sloinneadh mar ghráin, a úsáidtear le haghaidh na hítime comhardaithe sa leibhéal cobhsaí bogthaise margaidh caighdeánaí sa tír.

TACAR SONRAÍ ii.2

Comharduithe olashíolta

Réimse:	b.	Staidreamh ar tháirgeadh barr
Topaic:	ii.	Comharduithe barr
Topaic mhionsonraithe:	ii.2	Comharduithe olashíolta

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar sna sonraí soláthairtí, úsáidí agus stoic na bpríomh-olashíolta le linn na tréimhse tagartha sna Ballstáit

Saintréithe barr	Síol ráibe agus síol tornapa ráibe	Síol lus na gréine	Soighe
An spriocdháta le haghaidh sonraí a tharchur Saintréithe comharduithe	Deireadh na bliana margaíochta + 11 mhí		
Soláthar	Q	Q	Q
Táirgeacht buainte	Q	Q	Q
Caillteanais agus diomailt ar ghabháltais talmhaíochta	Q	Q	Q
Allmhairí	Q	Q	Q
Allmhairí laistigh den Aontas	Q	Q	Q
Allmhairí lasmuigh den Aontas	Q	Q	Q
Stoc tosaigh ag tús na bliana margaíochta	Q	Q	Q
Úsáid	Q	Q	Q
Úsáidí baile	Q	Q	Q
Úsáidí baile caitheamh ag an duine	Q	Q	Q
Úsáidí baile – úsáidtear ina bhfoirm iomlán le haghaidh beatha ainmhithe	Q	Q	Q
Úsáidí baile – brú	Q	Q	Q
Brú le haghaidh olaí – caitheamh ag an duine	Q	Q	Q
Brú le haghaidh olaí – bithbhreoslaí	Q	Q	Q
Brú le haghaidh olaí – úsáid thionsclaíoch eile	Q	Q	Q
Úsáidí baile síolta	Q	Q	Q
Úsáidí baile caillteanais	Q	Q	Q
Onnmhairí	Q	Q	Q
Onnmhairí laistigh den Aontas	Q	Q	Q
Onnmhairí lasmuigh den Aontas	Q	Q	Q
Stoic deiridh ag deireadh na bliana margaíochta	Q	Q	Q

Q = Cainníocht (1 000 tona) ar an leibhéal náisiúnta

Tréimhse thagartha: Bliain mhargaíochta N (1 Iúil bliain N – 30 Meitheamh bliain N+ 1).

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Tagraíonn cainníocht do chainníocht an bhairr, nó a choibhéis arna sloinneadh mar shíolta, a úsáidtear le haghaidh na hítime comhardaithe sa leibhéal cobhsaí bogthaise margaidh caighdeánaí sa tír.

IARSCRÍBHINN III

FÉARTHAILTE

TACAR SONRAÍ iii.1

Bainistiú limistéar féaraigh

Réimse:	b.	Staidreamh ar tháirgeadh barr
Topaic:	iii.	Féarthailte
Topaic mhionsonraithe:	iii.1	Bainistiú féarthailte

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí na limistéir féarthailte buana agus sealadacha arna n-aicmiú de réir aoise, cumhdaigh agus bainistíochta sna Ballstáit le linn na tréimhse tagartha.

		Limistéar iomlán	Limistéar iomlán a bhainistítear	Limistéar a bhainistítear agus a gcuirtear leasachán air
An spriocdháta le haghaidh sonraí a tharchur		30 Meán Fómhair bliain N**+1**		
Saintréithe barr				
Féarthailte buana (20 bliain agus níos mó)		MA, MAR	MA	MA
Féarthailte buana (idir 11 agus 19 mbliana)		MA, MAR	MA	MA
Féarthailte buana (6-10 mbliana)		MA, MAR	MA	MA
Féara sealadacha agus féaraigh shealadacha		MA, MAR		
	Aois 1-3 bliana	MA, MAR		
	Aois 4-5 bliana	MA, MAR		
An cion de na féarthailte buana iomlána ina bhfuil				
	Clúdach crann/tor	MA, MAR		
	Limistéir agrafhoraoiseachta bainistithe	MA, MAR		

Aonaid tomhais

MA = príomhlimistéar iomlán (1 000 ha)

MAR = príomhlimistéar ar an leibhéal réigiúnach

Minicíocht:	Blianta dar críoch 0, 3 nó 6
Tréimhse thagartha:	Bliain féilire

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Príomhlimistéar: féach tacar sonraí i.1

IARSCRÍBHINN IV

CEANGLAIS BHEACHTAIS

Sonraí a bhaileofar le haghaidh sampla agus a eachtarshuitear chuig daonra staitistiúil iomlán tacair sonraí, comhlíonfaidh siad na ceanglais bheachtais a leagtar amach i dTábla 1.

Tá feidhm ag na ceanglais bheachtais maidir le tarchur deiridh na meastachán náisiúnta le haghaidh athróga sonracha a bhaineann leis na tacair sonraí a liostaítear i dTábla 1.

Tagraíonn na hathróga do na príomhréimsí ar an leibhéal náisiúnta.

Sainmhínítear na daonraí ábhartha sa chéad cholún de Thábla 1.

Tábla 1.

Ceanglais bheachtais

Daonra ábhartha	Athróg arb infheidhme ceanglais bheachtais maidir léi	Earráid chaighdeánach choibhneasta
Tacar sonraí: Barra curaíochta agus féarthailte buana		
Na gabháltais talmhaíochta a bhfuil an athróg ábhartha ag baint leo	— Príomhlimistéir gránach le haghaidh táirgeadh gráin	3 %
	— Príomhlimistéir piseánach tirim agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin	
	— Príomhlimistéir barr fréimhe	
	— Príomhlimistéir barr tionsclaíoch	
	— Príomhlimistéir plandaí arna mbuain glas de thalamh arúil	
	— Príomhlimistéir féarthailte buana	
Tacar sonraí: Gairneoireacht seachas barra buana		
Na gabháltais talmhaíochta a bhfuil táirgeadh gairneoireachta acu seachas barra buana.	— Príomhlimistéir glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún	3 %
Tacar sonraí: Barra buana		
Na gabháltais talmhaíochta a bhfuil barra buana iontu.	— Príomhlimistéir barr buan	3 %

IARSCRÍBHINN V

TUAIRISCÍ

Bliain an fhómhair	An bhliain féilire ina gcuirtear tús leis an bhfómhar, lena n-áirítear an tréimhse ina ndéantar na bearta ullmhúcháin go léir (amhail saothrú, plandáil, agus leasacháin agus táirgí cosanta plandaí a chur) chun an fómhar sin a áirithiú, le linn na bliana féilire roimhe sin freisin.

Limistéar talmhaíochta a úsáidtear seachas gairdíní cistine	An limistéar iomlán a úsáidtear mar thalamh arúil, féarthailte buana, agus le haghaidh barra buana.
Talamh arúil	Talamh a oibrítear (é treafa nó curtha) agus/nó a phlandáiltear go rialta, faoi chóras uainíochta barr go ginearálta.
Barra geimhridh	Barra a chuirtear roimh an ngeimhreadh nó le linn an gheimhridh.
Barra earraigh	Barra a chuirtear san earrach.
Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (síol san áireamh)	Na gránaigh uile arna mbuain tirim le haghaidh gráin, gan beann ar an úsáid a bhaintear astu.
Cruithneacht agus speilt	*Triticum aestivum* L. emend. Fiori et Paol., *Triticum spelta* L., *Triticum monococcum* L, agus *Triticum durum* Desf.
Cruithneacht bhog agus speilt	*Triticum aestivum* L. emend. Fiori et Paol., *Triticum spelta* L. agus *Triticum monococcum* L. agus speicis eile den fhine *Triticum* a fhástar le haghaidh cáilíochtaí comhchosúla.
Cruithneacht chrua	*Triticum durum* Desf.
Seagal	*Secale cereale* L.
Meascáin de ghránaigh gheimhridh (maislín)	Meascáin de sheagal agus de ghránaigh eile agus meascáin eile de ghránaigh a chuirtear roimh an ngeimhreadh (maislín) nó lena linn.
Eorna	*Hordeum vulgare* L.
Coirce	*Avena sativa* L.
Meascáin de ghránaigh earraigh (grán measctha seachas maislin)	Gránaigh a chuirtear san earrach agus a fhástar mar mheascáin.
Arbhar Indiach gráin agus meascán arbhair déise	*Zea mays* L. a bhuantar le haghaidh gráin, mar shíol nó mar mheascán arbhair déise
Triteacál	*x Triticosecale* Wittmack.
Sorgam	*Sorghum bicolor* (L.) Conrad Moench nó *Sorghum x sudanense* (Piper) Stapf.
Rís	*Oryza sativa* L.
Rís Indica	*Oryza sativa* ssp. indica
Rís Japonica	*Oryza sativa* ssp. japonica
Gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Gránaigh arna mbuain tirim le haghaidh gráin agus nach bhfuil taifead orthu faoi ítimí roimhe seo, amhail muiléad (*Panicum miliaceum* L.), síolta éan (*Phalaris canariensis* L.) agus gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
Bréag-ghránaigh	Plandaí a tháirgeann torthaí nó síolta, a úsáidtear agus a chaitear mar ghráin, cé nach féara ná gránaigh fhíora iad de réir sainmhíniú luibheolaíoch.
Ruán	*Fagopyrum esculentum* Mill.
Cuineo	*Chenopodium quinoa* Willd.

Bréag-ghránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Bréag-ghránaigh nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
Piseánaigh tirime agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin	Gach piseánach tirim agus barra próitéine a bhuantar agus iad tirim le haghaidh gráin, gan beann ar a n-úsáid.
Piseanna machaire	Gach cineál piseanna machaire (*Pisum sativum* L. convar. *sativum* nó *Pisum sativum* L. convar. *arvense* L. nó convar. *speciosum*) a bhuantar agus iad tirim.
Pónairí leathana agus pónairí machaire	Gach cineál pónairí leathana nó pónairí machaire (*Vicia faba* L. (partim)) a bhuantar agus iad tirim.
Lúipíní milse	Gach lúipín mhilse (*Lupinus* sp.) a bhuantar agus iad tirim le haghaidh gráin.
Lintilí	*Lens culinaris* Medikus.
Sicphiseánaigh	*Cicer arietinum* L.
Peasairí	*Vicia sativa subsp. Sativa L* a bhuantar agus iad tirim le haghaidh gráin.
Piseánaigh thirime agus barra próitéine eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Piseánaigh thirime agus barra próitéine a bhuantar agus iad tirim le haghaidh gráin, nach bhfuil taifead orthu in aon áit eile faoi ítimí roimhe seo.
Barra fréimhe	Barra a shaothraítear dá bhfréamh, dá dtiúbar nó a ngas modhnaithe. Ní áirítear san ítim glasraí fréimhe, glasraí tiúbair ná glasraí bleibe amhail cairéid, biatas nó svaeideanna, i measc nithe eile.
Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl)	*Solanum tuberosum* L.
Biatas siúcra (seachas síol)	*Béite vulgaris* L. *subsp. vulgaris var. altissima* Döll, beartaithe go príomha do thionscal an tsiúcra agus do tháirgeadh alcóil.
Barra fréimhe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Biatas farae (*Beta vulgaris* L.) agus plandaí den fhine Brassicae a bhuantar go príomha le haghaidh beatha ainmhithe, gan beann ar cé acu an fréamhacha nó gais iad, agus plandaí eile a shaothraítear go príomha dá bhfréamhacha le haghaidh farae, nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
Barra tionsclaíocha	Barra tionsclaíocha, nach ndíoltar go díreach de ghnáth lena gcaitheamh toisc gur gá iad a phróiseáil go tionsclaíoch roimh a n-úsáid deiridh.
Olashíolta	Barra a fhástar go príomha le haghaidh a n-ábhar ola.
Síol ráibe agus síol tornapa ráibe	Ráib (*Brassica napus* L.) agus ráib tornapa (*Brassica rapa* L. var. *oleifera* (Lam.)) a fhástar chun ola a tháirgeadh agus a bhuantar agus iad ina ngráin thirime.
Síol lus na gréine	*Helianthus annuus* L., a bhuantar agus iad ina ngráin thirime.
Soighe	Glicín max L. Merril, a lománaíodh mar ghráin thirim, gan beann ar úsáid.
Ros lín (líon ola)	Cineálacha rois lín (líon) (*Linum usitatissimum* L.), a fhástar go príomha chun ola a tháirgeadh, agus a bhuantar agus iad ina ngráin thirime.
Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Barra eile a fhástar go príomha dá gcion ola, a bhuantar agus iad ina ngráin thirime, nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
Barra snáithín	Barra a fhástar go príomha le haghaidh a n-ábhar snáithíneach.
Snáithín lín	Cineálacha lín (rós lín) (*Linum usitatissimum* L.), a fhástar go príomha chun snáithín a tháirgeadh.
Cnáib	*Cannabis sativa* L. a fhástar le haghaidh tuí agus úsáidí tionsclaíocha eile den chineál céanna.
Cadás	*Gossypium spp.*, a bhuantar le haghaidh úsáid snáithíní agus/nó olashíl.

Barra snáithín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Plandaí eile a fhástar go príomha dá gcion snáithín, nach n-aicmítear in áit ar bith eile, amhail siúit (*Corchorus capsularis* L.), abacá alias Mhainile (*Musa textilis* Née), siseal (*Agave sisalana* Perrine), agus ceineaf (*Hibiscus cannabinus* L.).
Tobac	*Nicotiana tabacum* L. a fhástar le haghaidh duilleoga
Leannlusanna	*Humulus lupulus* L. a fhástar le haghaidh buaircíní síolta.
Plandaí aramatacha, plandaí míochaine agus plandaí cócaireachta	Plandaí aramatacha, míochaineacha agus cócaireachta, a shaothraítear chun críoch cógaisíochta, chun cumhráin a mhonarú nó lena gcaitheamh ag an duine.
Barra fuinnimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Barra a úsáidtear go heisiach chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, nach n-aicmítear in áit ar bith eile, agus a shaothraítear ar thalamh arúil.
Barra tionsclaíocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Barra tionsclaíocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
Plandaí arna mbuain glas de thalamh arúil	Na barra talún arúla uile atá glas tráth a bhuantar iad agus a bhfuil sé beartaithe go príomha iad a úsáid le haghaidh beatha ainmhithe, foráiste nó táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, is é sin gránaigh, féara, plandaí léagúmacha nó tionsclaíocha agus barra eile talún arúla atá 'glas' tráth a bhuantar agus a úsáidtear iad.
Féara sealadacha agus féaraigh shealadacha	Plandaí féir le haghaidh innilte, féar tirim nó sadhlais a chuimsítear i ngnáthuainíocht na mbarr, ar nithe iad a mhaireann bliain amháin ar a laghad agus níos lú ná 5 bliana de ghnáth, arna gcur le féar nó le meascáin féir nó féir.
Plandaí léagúmacha arna mbuain glas	Plandaí léagúmacha arna bhfás agus arna mbuain glas mar phlanda iomlán le haghaidh farae go príomha nó lena n-úsáid mar fhuinneamh. Áirítear meascáin de bharra agus de phlandaí féir atá léagúmacha den chuid is mó (de ghnáth > 80 % de léagúim), arna mbuain glas nó arna dtriomú mar fhéar tirim.
Meidic na mbó	*Medicago spp*. a shaothraítear ina aonar nó i meascán le céatadán ard.
Meascáin féar léagúmach	Féarthailte sealadacha a chuirtear le meascán de léagúim féir agus foráiste (de ghnáth < 80 % de léagúim), arna mbuain glas nó arna dtriomú mar fhéar tirim.
Plandaí léagúmacha eile arna mbuain glas agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Plandaí léagúmacha eile arna mbuain glas go príomha le haghaidh farae, nó le haghaidh úsáid fuinnimh.
Arbhar Indiach glas	*Zea mays* L. a fhástar go príomha le haghaidh sadhlais (an dias iomlán, codanna di nó an planda ina iomlán) agus nár buaineadh le haghaidh gráin.
Gránaigh eile arna mbuain glas (seachas arbhar Indiach glas)	Na gránaigh uile (seachas arbhar Indiach) arna bhfás agus arna mbuain glas ina bplanda iomlán a úsáidtear le haghaidh farae nó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh (bithmhais a tháirgeadh).
Plandaí eile arna mbuain glas de thalamh arúil agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Barra eile bliantúla nó ilbhliantúla (níos lú ná 5 bliana) a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid go príomha le haghaidh farae ainmhithe arna mbuain glas. Agus fuílleach na mbarr nach n-aicmítear áit ar bith eile nuair a scriosadh an príomhbhuaint, ach a bhféadfaí na hiarmhair a úsáid fós (mar fharae, nó mar fhuinneamh in-athnuaite).
Síolta agus síolphlandaí	Limistéir ina dtáirgtear síolta barra fréimhe (seachas prátaí agus plandaí eile ina n-úsáidtear na fréamhacha mar shíolta chomh maith), barra farae, féara, barra tionsclaíocha (seachas olashíolta) agus síolta agus síológa glasraí agus bláthanna.
Talamh branair	Talamh arúil a chuimsítear i gcóras uainíocht na mbarr nó a choinnítear i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC), bíodh sé oibrithe nó ná bíodh, ach nach mbuainfear ar feadh bliain Fómhair amháin. Is í an tsaintréith riachtanach atá ag talamh branair go bhfágtar é lena athshlánú, de ghnáth ar feadh bliain Fómhair ar fad. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i dtalamh branair:

	(i) talamh lom gan bharra ar bith air; nó (ii) talamh le fás nádúrtha spontáineach agus a fhéadfar é a úsáid mar bheatha nó a threabhadh ann; nó (iii) talamh a chuirtear go heisiach chun aoileach glas a tháirgeadh (talamh branair glas).
Barra eile talún arúla nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Barra curaíochta nach n-aicmítear in aon áit eile
Féarthalamh buan	Talamh a úsáidtear go buan (ar feadh roinnt blianta as a chéile, 5 bliana nó níos mó de ghnáth) chun farae luibheach, foráiste nó barra chun críoch fhuinnimh a fhás trína shaothrú (é curtha) nó go nádúrtha (é féinsíolaithe), agus nach n-áirítear in uainíocht na mbarr ar an ngabháltas talmhaíochta. Is féidir féarthailte a úsáid le haghaidh innilte, iad a lomadh le haghaidh sadhlais agus féar tirim agus iad a úsáid chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh.
Féaraigh bhuana agus móinéir bhuana, seachas féaraigh gharbha	Féarach buan ar ithreacha ar dhea-cháilíocht nó meáncháilíocht is féidir a úsáid de ghnáth le haghaidh dianinnilte.
Féaraigh gharbha bhuana	Féarthailte buana a mbíonn toradh íseal orthu, ar ithir ar cháilíocht íseal de ghnáth, mar shampla ar thalamh cnocach agus ag airdí arda, nach bhfeabhsaítear de ghnáth le leasachán, saothrú, athshíolú ná draenáil. De ghnáth, ní féidir na limistéir seo a úsáid ach amháin d'innilt fhairsing agus ní gnách iad a lomadh nó a lomadh ar bhealach fairsing toisc nach féidir leo tacú le líon mór ainmhithe.
Féarthailte buana nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh táirgthe agus atá incháilithe d'íocaíocht fóirdheontas	Féarthailte buana agus de mhóinéir bhuana nach n-úsáidtear a thuilleadh chun críoch táirgthe, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] nó, i gcás inarb infheidhme, leis an reachtaíocht is déanaí, agus a choinnítear i riocht atá oiriúnach don innilt nó don saothrú gan aon ghníomhaíocht ullmhúcháin a dhéanamh sa bhreis ar úsáid gnáthmhodhanna agus innealra talmhaíochta agus atá incháilithe do thacaíocht airgeadais.

Glasraí úra (mealbhacáin san áireamh) agus sútha talún	Na Brasacaigh uile, na glasraí duilleacha agus gais uile, na glasraí uile a shaothraítear le haghaidh torthaí, na glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibe uile, an piseánach úr uile, na glasraí eile uile a bhuantar agus iad úr (gan bheith tirim) agus na sútha talún uile. Tagraíonn sé do ghlasraí agus sútha talún a fhástar ar thalamh arúil lasmuigh agus iad ar uainíocht le barra talmhaíochta nó gairneoireachta eile agus do ghlasraí agus sútha talún a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.
Glasraí úra (mealbhacáin san áireamh)	Na Brasacaigh uile, na glasraí duilleacha agus gais uile, na glasraí uile a shaothraítear le haghaidh torthaí, na glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibe uile, an piseánach úr uile, na glasraí eile uile a bhuantar agus iad úr (gan bheith tirim).
Brasacaigh	Gach brasacach a saothraítear le haghaidh duilleoga, gais, bláthra, bachlóga chomh maith le fréamhacha agus tiúbair glasraí, a bhuantar úr (gan bheith tirim).
Cóilis agus brocailí	Cóilis (*Brassica oleracea* L. convar. *Botrytis* (L.)), Brocailí (*Brassica oleracea* L. var. *botrytis* subvar. *cymos*), Cóilis glas (cineál glas cóilise), Mionbhrocailí, Brocailí Síneach, Cál Síneach nó kailaan (hibrid brocailí agus gai lan (*Brassica oleracea* L. var. *alboglabra*)), brocailí Romanesco (*Brassica oleracea* convar. *Botrytis* var. *botrytis*) san áireamh.
Bachlóga Bruiséile	*Brassica oleracea* L. var. *Gemmifera* DC.
Cabáistí	Áirítear leis sin cabáiste bán (*Brassica oleracea* L. var. *oleracea*), cabáiste bioreach (*Brassica oleracea* L. convar. *capitata* Alef. var. *alba* DC), cabáiste dearg (*Brassica oleracea* L. convar. *capitata* Alef. Var. *capitata* L. f. *rubra*), cabáiste saváí (*Brassica oleracea* L. convar. *capitata* Alef. var. *sabauda* L.).

Brasacaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Gach brasacach eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
Glasraí duilleacha agus glasraí gasacha (seachas brasacaigh)	Na glasraí duilleacha nó glasraí gasacha uile (seachas brasacaigh): cainneanna, soilire, leitísí, searbháin, spionáiste, asparagas, siocaire, bliosáin agus glasraí duilleacha nó gaisithe eile.
Cainneanna	*Allium porrum* L agus speicis eile den fhine Allium a fhástar le haghaidh cáilíochtaí comhchosúla.
Soilire	*Apium graveolens* var. *Dulce* (Mill.) Pers.
Leitísí	*Lactuca spp*.
Eindíbhí	Searbháin (*Cichorium endivia* L. var. *crispum* Lam.) agus scaról (*Cichorium endivia* L. var. *latifolium* Lam.).
Spionáiste	*Spinacia oleracea* L.
Lus súgach	*Asparagus officinalis* L.
Siocairí	Cineálacha siocaire (*Cichorium intybus* L.) le haghaidh sailéad agus le haghaidh ionúilin nó caife a phróiseáil.
Bliosáin	*Cynara scolymus* L.
Glasraí duilleacha nó gasacha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Glasraí duilleacha nó gasacha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
Glasraí a shaothraítear le haghaidh torthaí (lena n-áirítear mealbhacáin)	Na Glasraí uile a shaothraítear le haghaidh torthaí: trátaí, cúcamair, gircíní, ubhthorthaí, cúirséid agus mearóga, guird agus puimcíní, cantalúip agus mealbhacáin uisce, piobair (*Capsicum spp*.) agus glasraí eile a shaothraítear le haghaidh torthaí.
Trátaí	Na trátaí uile (*Solanum lycopersicon* L. Syn. *Lycopersicon lycopersicum* (L.) H. Karst. Syn. *Lycopersicon esculentum* Mill.).
Cúcamair & gircíní	Cúcamair (*Cucumis sativus* L.), lena n-áirítear na saothraithe sonracha a úsáidtear go ginearálta le haghaidh cúcamar picilte (gircíní). Áirítear gircíní leadán Thiar Indiach agus gircíní (*Cucumis anguria* L.).
Ubhthorthaí	*Solanum melongena* L.
Cúirséid agus mearóga	Cineálacha cúirséid agus mearóga (*Cucurbita pepo* L. ssp. *Pepo*).
Guird agus puimcíní	Cineálacha guird (*Cucurbita moschata* Duchesne) agus puimcíní (*Curcubita maxima* spp.) atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine.
Mealbhacáin	*Cucumis melo* L.
Mealbhacáin uisce	*Citrullus lanatus* (Thunb.) Matsum. & Nakai.
Piobair	Gach piobar (milis) (*Capsicum annuum* L.) agus piobair sillí (*Capsicum frutescens* L.).
Glasraí eile a shaothraítear le haghaidh torthaí agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Glasraí eile a shaothraítear le haghaidh torthaí lena gcaitheamh ag an duine, nach n-aicmítear in aon áit eile.
Glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibín	Gach glasra ar tiúbair, fréimhe nó bleibíní iad Meacain dhearga, oinniúin, seallóidí, biatas, soiliriac, raidisí, gairleog agus glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibíní eile.
Meacain dhearga	*Daucus carota* L. ssp. *sativus* (Hoffm.) Hayek.
Oinniúin agus seallóidí	Oinniún coiteann (*Allium cepa* L.), cainneann fhiáin (*Allium ampeloprasum* L.), oinniún gallda (*Allium fistulosum* L.) agus seallóid (*Allium ascalonicum* L.) agus speicis eile d'fhine Allium a fhástar le haghaidh cáilíochtaí comhchosúla.
Biatas	*Beta vulgaris* L. var. *conditiva* Alef.

Soiliriac	*Apium graveolens* L. var. *rapaceum*.
Raidisí	Gach raid (*Raphanus sativus* L.), a bhuantar agus a úsáidtear mar ghlasraí.
Gairleog	*Allium sativum* L.
Glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibíní lena gcaitheamh ag an duine, nach n-aicmítear in aon áit eile.
Piseánaigh úra	Gach piseánach úr, amhail piseanna, pónairí agus piseánaigh úra eile lena gcaitheamh ag an duine.
Piseanna úra	Gach pis (*Pisum sativum* L. (*partim*)) a bhuantar agus iad úr lena gcaitheamh ag an duine.
Pónairí úra	Pónairí coiteanna agus pónairí reatha (*Phaseolus spp*.) agus pónaire mung, piseanna bó agus pónairí mungó (*Vigna spp*.) a bhuantar agus iad úr lena gcaitheamh ag an duine.
Piseánaigh úra eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Piseánaigh úra lena gcaitheamh ag an duine nach n-aicmítear in aon áit eile.
Glasraí úra eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Na glasraí úra eile go léir atá lena gcaitheamh ag an duine nach n-aicmítear in aon áit eile.
Sútha talún	*Fragaria spp*.
Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna)	Na bláthanna agus na plandaí ornáideacha uile a bheartaítear a dhíol mar bhláthanna gearrtha, mar bhláthanna potaithe, ceapaí agus balcóin agus mar bhláthanna bleibíní agus cormáin agus plandaí ornáideacha eile.
Beacáin shaothraithe	Beacáin shaothraithe a fhástar i bhfoirgnimh a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta chuige sin, agus in áitribh, uaimheanna agus siléir faoi thalamh.
Beacáin coiteann	Beacáin bhoird (*Agaricus bisporus* L.).
Beacáin shaothraithe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Beacáin shaothraithe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Barra buana	Na crainn torthaí uile, na crainn torthaí citris uile, na crainn cnónna uile, na plandálacha caor uile, na fíonghoirt uile, na crainn ológ uile agus na barra buana eile a úsáidtear mar bhia don duine (e.g. tae, caife nó carúb) agus chun críoch eile (e.g. plandlanna, crainn Nollag nó plandaí lena gcur agus lena sníomh amhail pailm ratáin nó bambú).
Barra buana lena gcaitheamh ag an duine	Na crainn torthaí uile, na crainn torthaí citris uile, na crainn cnónna uile, na plandálacha caor uile, na fíonghoirt uile, na crainn ológ uile agus na barra buana eile a úsáidtear mar bhia don duine (e.g. tae, caife nó carúb).
Torthaí, caora agus cnónna (seachas torthaí citris, fíonchaora agus sútha talún)	Úlloird torthaí póma, clochthorthaí, caor, cnónna agus torthaí ó chriosanna aeráide trópaiceacha agus fothrópaiceacha.
Torthaí ó chriosanna aeráide measartha	Úlloird torthaí póma, clochthorthaí, caor agus cnónna, seachas torthaí ó chriosanna aeráide trópaiceacha agus fothrópaiceacha.
Torthaí póma	Torthaí póma amhail úlla (*Malus spp*.), piorraí (*Pyrus spp*.), cainchí (*Cydonia oblonga* Mill.) nó torthaí ón meispeal Gearmánach (*Mespilus germanica*, L.)
Úlla	*Malus pumila* Miller syn. *Malus domestica* (Borkh.) Borkh.
Piorraí	*Pyrus communis* L.

Torthaí póma eile nach n-aicmítear in aon áit eile	Torthaí póma nach n-aicmítear in aon áit eile.
Clochthorthaí	Clochthorthaí, amhail péitseoga agus neachtairíní (*Prunus persica* (L.) Batch), aibreoga (*Prunus armeniaca* L. agus cinn eile), silíní milse agus searbha (*Prunus avium* L., *P. cerasus*), plumaí (*Prunus domestica* L. agus cinn eile) agus clochthorthaí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile amhail draighean/draighean donn(*Prunus spinosa* L.) nó locuatanna (*Eriobotrya japonica* (Thunb.) Lindl.).
Péitseoga	*Prunus persica* (L.) Batch.
Neachtairíní	*Prunus persica* (L.) Batsch. var. *nucipersica*.
Aibreoga	*Prunus armeniaca* L.
Silíní	Silíní milis (*Prunus avium* L.) agus silíní searbha (*Prunus cerasus* L.)
Silíní milse	*Prunus avium* L.
Silíní searbha	*Prunus cerasus* L.
Plumaí	*Prunus domestica* L.
Clochthorthaí eile nach n-aicmítear in aon áit eile	Clochthorthaí nach n-aicmítear in aon áit eile.
Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha	Na torthaí uile ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha, amhail figí (*Ficus carica* L.), cíobhaíonna (*Actinidia chinensis* Planch.), abhacáid (*Persea americana* Mill.) nó bananaí (*Musa spp*.).
Figí	Ficus carica L.
Cíobhaíonna	*Actinidia chinensis* Planch.
Abhacáid	*Persea americana* Mill.
Bananaí	*Musa spp*.
Torthaí eile ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus ó chriosanna aeráide trópaiceacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile
Caora (seachas sútha talún)	Na caora saothraithe eile amhail cuiríní dubha (*Ribes nigrum* L.), cuiríní dearga (*Ribes rubrum* L.), sútha craobh (*Rubus idaeus* L.) agus fraocháin ghorma (*Vaccinium corymbosum* L.).
Cuiríní dubha	*Ribes nigrum* L.
Cuiríní dearga	*Ribes rubrum* L., an cineál bán san áireamh freisin.
Sútha craobh	*Rubus idaeus* L.
Fraocháin	*Vaccinium corymbosum* L.
Caora eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Caora eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
Cnónna	Gach crann cnó: Gallchnónna, cnónna coill, almóinní, crón agus cnónna eile.
Gallchnónna	*Juglans regia* L.
Collchnónna	*Corylus avellana* L.
Almóinní	*Prunus dulcis* (Mill.) D.A.Webb.
Castáin	*Castanea sativa* Mill.
Cnónna eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Cnónna nach n-aicmítear in aon áit eile.
Torthaí citris	Torthaí citris (*Citrus spp*.): oráistí, torthaí citris beaga, líomóidí, líomaí, pomalónna, seadóga agus torthaí citris eile.

Oráistí	Oráistí, lena n-áirítear cineálacha an imleacáin, na cineálacha bána agus na cineálacha craoraga (*Citrus sinensis* (L.) Osbeck) agus Oráistí Sevilla (*Citrus aurantium* L.).
Torthaí beaga citris	Na torthaí citris beaga uile.
Cleimintíní	*Citris x clementina*.
Satsúmaí	*Citrus unshiu* var. *owari, clausellina, planellina*, etc.
Torthaí citris beaga eile agus hibridí mandairín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Na torthaí citris beaga uile eile nach n-aicmítear in aon áit eile.
Líomóidí agus líomaí aigéadacha	*Citrus limon* (L.) Burm.f., *C. jambhiri* Lush., *C. meyeri* Yu. Tanaka, *C. pseudolimon* Tanaka nó hibridí a tuismíodh ó cheann díobh sin.
Pomalónna agus seadóga	Pomalónna (*Citrus maxima* (Merr., Burm. f.)) agus seadóga (*Citrus paradisi* (Macfad.)).
Torthaí citris eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Torthaí citris nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
Fíonchaora	*Vitis vinifera* L., a úsáidtear chun gach críche.
Fíonchaora le haghaidh fíonta	Cineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun sú, úrfhíon agus/nó fíon a tháirgeadh.
Fíonchaora le haghaidh fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) acu	Cineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíon a tháirgeadh a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu agus a chomhlíonann ceanglais (i) Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 [2] ón gComhairle nó, i gcás inarb infheidhme, ceanglais na reachtaíochta is déanaí agus (ii) na rialacha náisiúnta comhfhreagracha.
Fíonchaora le haghaidh fíonta a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC) acu	Cineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíon a tháirgeadh a bhfuil tásc geografach faoi chosaint acu agus a chomhlíonann ceanglais (i) Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 nó, i gcás inarb infheidhme, ceanglais na reachtaíochta is déanaí agus (ii) na rialacha náisiúnta comhfhreagracha.
Fíonchaora le haghaidh fíonta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (nach bhfuil STFC/TGFC acu)	Cineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíonta seachas fíonta STFC agus TGFC a tháirgeadh.
Fíonchaora boird	Cineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíonchaora úra a tháirgeadh.
Fíonchaora le haghaidh rísíní	Cineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun rísíní a tháirgeadh.
Fíonchaora chun críoch eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Cineálacha fíonchaora chun críocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (críocha seachas fíonta, sú, úrfhíonta, úsáid boird ná rísíní).
Ológa	Crainn ológ (*Olea europaea* L.) a fhástar chun ológa a tháirgeadh.
Ológa boird	Crainn olóige chun ológa boird a tháirgeadh.
Ológa le haghaidh ola	Crainn olóige chun ola olóige a tháirgeadh.
Barra buana eile lena gcaitheamh ag an duine nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Barra buana lena gcaitheamh ag an duine nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
Plandlanna	Limistéir ina mbíonn plandaí óga ligneacha (adhmadacha) ag fás faoin aer, plandaí a thrasphlandaítear ina dhiaidh sin.
Barra buana eile	Barra buana nach n-aicmítear in áit ar bith eile, plandaí trilseánaithe agus plandaí caoladóireachta (a bhuantar gach bliain de ghnáth) agus crainn a chuirtear le haghaidh crainn Nollag ar an limistéar talmhaíochta a úsáidtear.

Comharduithe barr

Táirgí céadleibhéil	Táirgí a eascraíonn as an gcéad phróiseáil ar tháirge neamhphróiseáilte (amh) sa staid bhunaidh, amhail plúr.
Caillteanais agus diomailt ar ghabháltais talmhaíochta	Caillteanais a tharlaíonn tar éis na buana, i.e. sa stóras nó le linn ullmhú le haghaidh díola, e.g. sórtáil.
Allmhairí laistigh den Aontas	Méid na n-allmhairí laistigh den Aontas de na táirgí barr.
Allmhairí lasmuigh den Aontas	Méid na n-allmhairí lasmuigh den Aontas de na táirgí barr.
Stoc tosaigh	Na táirgí barr uile (gránaigh agus olashíolta i gcoibhéis gráin) atá ar fáil ar an bhfeirm nó ar an margadh ag tús na bliana margaíochta barr (1 Iúil bliain N).
Stoc deiridh	Na táirgí barr uile (gránaigh agus olashíolta i gcoibhéis gráin) atá ar fáil sa stoc ag deireadh na bliana margaíochta barr (30 Meitheamh bliain N+ 1) atá cothrom le stoc tosaigh na chéad tréimhse tagartha eile.
Úsáidí baile	Na húsáidí féideartha uile a bhaintear táirgí barr (seachas onnmhairí agus stoc deiridh) sa limistéar tagartha le linn na tréimhse tagartha.
Úsáidí baile - caitheamh ag an duine	Cainníochtaí táirgí barr amh nó próiseáilte a úsáidtear lena gcaitheamh ag an duine sa limistéar tagartha agus le linn na tréimhse tagartha, cé is moite de chainníochtaí olashíolta a úsáidtear lena mbrú le haghaidh olaí lena gcaitheamh ag an duine.
Úsáidí baile – úsáid thionsclaíoch	Cainníocht táirgí barr a úsáideann an tionscal chun táirgí tionsclaíocha a tháirgeadh cé is moite de na táirgí sin atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, seachas cainníochtaí olashíolta a úsáidtear lena mbrú le haghaidh olaí lena gcaitheamh ag an duine.
Úsáidí baile – úsáid bitheatánóil thionsclaíoch, bithbhreosla nó bithgháis eile	Cainníochtaí táirgí barr a úsáideann an tionscal chun bitheatánól nó bithbhreoslaí eile nó bithghás a tháirgeadh.
Úsáidí baile – úsáidtear ina bhfoirm iomlán le haghaidh beatha ainmhithe	Cainníochtaí táirgí barr (amh nó próiseáilte) a úsáidtear le haghaidh beatha dhíreach ainmhithe ar an bhfeirm nó atá á n-úsáid ag tionscal na n-ábhar beatha, seachas seachtháirgí ó phróisis thionsclaíocha eile (e.g. cácaí olashíolta).
Úsáidí baile – síolta	Cainníochtaí síolta a úsáidtear le haghaidh síolú le linn an chéad timthrialla táirgthe eile.
Úsáidí baile – caillteanais	Caillteanais a tharlaíonn le linn úsáid táirgí barr lena gcaitheamh ag an duine, úsáid thionsclaíoch, beatha ainmhithe agus síolta.
Úsáidí baile – brú	Na cainníochtaí olashíolta a úsáidtear le haghaidh brú (próiseáil) chun olaí plandúla agus cácaí a tháirgeadh.
Brú le haghaidh olaí – caitheamh ag an duine	Na cainníochtaí olashíolta a úsáidtear le haghaidh brú (próiseáil) chun olaí plandúla a tháirgeadh lena gcaitheamh ag an duine, seachas cainníochtaí a úsáidtear lena gcaitheamh ag an duine gan iad a bhrú.
Brú le haghaidh olaí - bithbhreoslaí	Na cainníochtaí olashíolta a úsáidtear le haghaidh brú (próiseáil) chun olaí plandúla a tháirgeadh le haghaidh úsáidí tionsclaíocha le haghaidh bithbhreoslaí.
Brú le haghaidh olaí – úsáid thionsclaíoch eile	Na cainníochtaí olashíolta a úsáidtear le haghaidh brú (próiseáil) chun olaí plandúla a tháirgeadh le haghaidh úsáidí tionsclaíocha seachas bithbhreoslaí.
Onnmhairí laistigh den Aontas	Méid na n-onnmhairí laistigh den Aontas de na táirgí barr.
Onnmhairí lasmuigh den Aontas	Méid na n-onnmhairí lasmuigh den Aontas de na táirgí barr.

Féarthailte agus féarach

Féarthailte	Limistéir talmhaíochta a chumhdaítear le plandaí féir den chuid is mó, chun farae luibheach, foráiste nó barra a bhfuil cuspóir fuinnimh acu a fhás, gan beann ar aois.
Féarthailte buana bainistithe	Féarthailte buana a bhainistítear go rialta (ní gá go mbeadh sé á dhéanamh gach bliain) trí tháirgí cosanta plandaí a athshíolú, a uisciú, a thoirchiú nó a chóireáil le táirgí cosanta plandaí mar chuid de na pleananna bainistíochta fadtéarmacha feirme, lena n-áirítear limistéir nach n-úsáidtear a thuilleadh chun críocha táirgthe agus atá incháilithe d'íocaíocht fóirdheontas.
Féarthailte buana leasaithe	Féarthalamh buan bainistithe a chuirtear leasú air go rialta (fiú mura go bliantúil é) agus ar a úsáidtear leasacháin neamhorgánacha nó orgánacha seachas bualtrach féaránach mar chuid de na pleananna bainistíochta fadtéarmacha feirme.
Clúdach crann – tor (ar fhéarthailte)	Limistéir féarthalún a bhfuil clúdach plandaí orthu de speicis phlandaí ag a bhfuil gais adhmadacha (crainn agus toir) seachas limistéir agrafhoraoiseachta agus limistéir ina dtarlaíonn gníomhaíochtaí talmhaíochta agus foraoiseachta go comhthreomhar (e.g. *montado* agus *dehesa*).
Limistéir agrafhoraoiseachta bainistithe (ar fhéarthailte)	Is éard is córas agrafhoraoiseachta ann cineál áirithe córais úsáide talún agus cineál áirithe teicneolaíochta ina n-úsáidtear ilbhliantóga adhmadacha (crainn, toir, etc.) d'aon ghnó san aonad talún bainistíochta céanna i dteannta barra talmhaíochta agus/nó ainmhithe. Ní chuirtear san áireamh ach limistéir agrafhoraoiseachta ar fhéarthailte. Ní áirítear láithreacht crann agus tor nach mbaineann le córas agrafhoraoiseachta.

[1] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

[2] IO L 154, 17.6.2009, lch. 1.